Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2021
(OR. en)

8241/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0152(COD)**

CODEC 623
RECH 183
COMPET 309
EDUC 148

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi thallann nuálaíochta agus faoi acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Iúil 2019, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 173(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 30 Deireadh Fómhair 2019[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 27 Aibreán 2021. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle[3] leis.

[1] 11227/19
[2] IO C 47, 11.2.2020, lgh. 69–75
[3] 8185/21

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 9/21 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

5. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454[4] ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Cinneadh thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 12 Bealtaine 2021.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena sínítear a thuilleadh an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659 agus (AE) 2021/26, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, I6.3.2021, lgh.15-16).